An Creatoibre Náisiúnta Cáilíochtaí



COMHLACHTAÍ DÁMHACHTANA

- **Déanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann** (an QQI) dámhachtianí sa bhreisoideachas, san ardoideachas agus san oiliúint
- **SEC - Coimisiún na Scrúduithe Stáit** *(An Roinn Oideachais agus Scileanna)*
- **Institiúidí Teicneolaíochta**
- **Ollscoileanna**

DÁMHACHTAINÍ SA CHREAT

Ceithre chineál dámhachtana atá sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

- **Mórdhámhachtainí:** is iad na dámhachtainí seo, atá tugtha sna fáinní lasmuigh, an phríomhaicme dámhachtainí a dhéantar ar leibhéal ar bith
- **Miondámhachtainí:** bronntar iad seo as toradh le haghaidh Mórdhámhachtana a bhaint amach go páirteach
- **Dámhachtainí Forlíontacha:** bronntar iad seo as foghlaim atá sa bhreis ar Mhórdhámhachtain
- **Dámhachtainí Sainchuspóra:** bronntar iad as foghlaim réasúnta cúng nó as foghlaim sainchuspóra

Arna thacú ag Clár Erasmus+ an Aontais Eorpaigh

Gheofar breis eolais ag: www.nfq.ie www.QQI.ie

©QQI 2014

An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

Ceapadh an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí chun tusa, an foghlaimeoir, a chur i gceartlár an chórais oideachais agus oiliúna in Éirinn. Baintear úsáid as an gCreat chun cáilíochtaí a rangú agus a chur i gcomparáid. Gheobhaidh tú eolas sa Chreat ar chúrsaí eile a d'fhéadfadh a bheith inspéise duit agus cabhróidh sé leat rogha eolach a dhéanamh agus cúrsa á roghnú agat. Leis an gCreat, is furasta a mhíniú do dhaoine eile cé na cáilíochtaí atá agat, nó a bheidh agat ag deireadh do chúrsa. Tá tábhacht leis sin do dhaoine atá ag smaoineamh ar fhoghlaim bhreise a dhéanamh nó ar chur isteach ar phost – anseo nó thar lear.

Chun an rogha is fearr is féidir a dhéanamh agus cúrsa oideachais nó oiliúna á roghnú agat, b'fhiú na ceisteanna seo a leanas a chur ort féin:

- cén cháilíocht a gheobhaidh mé ag deireadh an chúrsa seo?
- cé a bhronnfaidh an cháilíocht sin orm?
- an mbeidh an cháilíocht sin ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí?
- cén leibhéal den Chreat ar a bheidh sí?
- an cáilíocht mhórdhámhachtana í nó cáilíocht eile?
- leis an gcáilíocht seo, cé na deiseanna a bheidh agam dul ar aghaidh chuig cúrsa nó cáilíocht eile?

Córas deich leibhéal is ea an Creat, mar a fheicfidh tú sa 'léaráid feain' thall. Ar gach leibhéal insítear duit an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht a bheidh ag teastáil chun cáilíocht ar leith a bhaint amach. Sé cinn de chomhlachtaí náisiúnta bronnta dámhachtainí atá ar áireamh sa Chreat. Is é an SEC (Coimisiún na Scrúduithe Stáit) a bhronnann cáilíochtaí scoile (an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht). Is é Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) a bhronnann dámhachtainí breisoideachais agus ardoideachais oiliúna. Comhlachtaí eile a bhronnann dámhachtainí ardoideachais is ea na hInstitiúidí Teicneolaíochta, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn agus na hollscoileanna.

Dearbhaítear cáilíocht gach cáilíochta sa Chreat. Ciallaíonn sin gur féidir leatsa, an foghlaimeoir, a bheith cinnte go ndéantar athbhreithniú rialta ar do chúrsa agus ar an institiúid ina bhfuil tú ag staidéar. Déantar dearbhú cáilíochta chun a chinntiú go mbíonn eispéireas foghlama ar ardchaighdeán ag gach foghlaimeoir, is cuma cén áit a bhfuil siad ag staidéar.

Tá tábhacht leis an gCreat ó thaobh cúrsaí foghlama i dtíortha eile, leis. Is mó duine anois a thaistealaíonn go tír eile chun foghlaim nó obair a dhéanamh. Gach cáilíocht atá sa Chreat, aithnítear í anseo in Éirinn agus thar lear. Is féidir cáilíochtaí a fuarthas lasmuigh d'Éirinn a chur i gcomparáid le cáilíochtaí a bhronntar sa tír seo ach an Creat a cheadú. Uirlis an-tábhachtach is ea an Creat do shaoránaigh Éireannacha ar mian leo a gcuid cáilíochtaí Éireannacha a úsáid thar lear. Sa tslí chéanna, féadfaidh foghlaimeoirí agus oibrithe a thagann chun na tíre seo aitheantas a fháil do cháilíochtaí a fuair siad thar lear ach an Creat a cheadú. Gheofar tuilleadh eolais ar chreataí cáilíochtaí agus ar aitheantas do cháilíochtaí ag www.QQI.ie